Sceitheadh Uisce i gCorcaigh

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin sceitheadh uisce a tharla i gCorcaigh. Sula bhféachann tú ar an mír, déan plé leis an duine in aice leat ar a bhfuil ar eolas agaibh faoin scéal seo cheana féin.

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail agus de na frásaí seo a aimsiú agus tú ag féachaint uirthi. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

Water pipe:_____

Emergency Services:_____

Evacuate:_____

Residents:_____

Dweller:_____

Investment programme:_____

The Department of the Environment:_____

Network:_____

Renew:_____

Representatives:_____

Insurance Companies:_____

Assessing:_____

Ceist 3 (a) Anois, an féidir leat féin agus an duine in aice leat mír nuachta a chumadh ag baint úsáide as na focail i gceist 2 thuas?

(b)Féachaigí ar an mír anois agus déanaigí plé le chéile ar conas mar a bhí an mhír difriúil ón méid a bhí agaibh féin.

Ceist 4 Cloistear **‘***an Roinn Comhshaoil...*’ sa sliocht

Déan iarracht Gaeilge a chur ar na ranna rialtais thíos.

1. Department of Agriculture, Fisheries and Food
2. Department of Communications, Energy and Natural Resources
3. Department of Community, Equality and Gaeltacht Affairs
4. Department of Defence
5. Department of Education and Skills
6. Department of Enterprise, Trade and Innovation
7. Department of Environment, Heritage and Local Government
8. Department of Finance
9. Department of Foreign Affairs
10. Department of Health and Children
11. Department of Justice and Law Reform
12. Department of Social Protection
13. Department of Tourism, Culture and Sport
14. Department of Transport
15. Department of the Taoiseach

Anois, déan iarracht Gaeilge a chur ar na Comhairlí Cathrach thíos.

Dublin City Council
Limerick City Council
Waterford City Council
Galway City Council

Ceist 5 **‘**cosúil le abhainn **mhór**...’

Cén fáth go bhfuil séimhiú ar an aidiacht ‘mór’ sa chás thuas.

Déan iarracht an fhoirm cheart den aidiacht a úsáid i ngach chás thíos.

1. An fear (beag)
2. An bhean (mór)
3. An fhuinneog (glan)
4. Na buachaillí (dána)
5. Na bróga (dubh)
6. Na cosáin (casta)
7. Teach na (fear + mór)
8. Carr na (duine + bocht)
9. Dinnéar na (cailín + deas)
10. Dath na (bróg + daor)

Ceist 6 Déan plé nó díospóireacht ar an rún seo a leanas

“Níor cheart cúiteamh airgid a fháil ón Stáit de bharr tuilte.”

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Iarr ar na foghlaimeoirí plé a dhéanamh ar aon eolas atá acu faoin scéal seo ar dtús.

Ceist 2

Water pipe: **Píobán uisce**

Emergency Services: **Seirbhísí Éigeandála**

Evacuate: **Aslonnú**

Residents: **Áitreabhaigh/Áitritheoirí**

Dweller: **Cónaitheoir**

Investment programme: **Clár Infheistíochta**

The Department of Environment: **An Roinn Comhshaoil**

Network: **Gréasán**

Renew: **Athnuachan**

Representatives: **Ionadaithe**

Insurance Companies: **Comhlachtaí Árachais**

Assessing: **Measúnú**

Ceist 3

1. Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia
2. Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
3. Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta
4. Roinn Cosanta
5. Roinn Oideachais Agus Scileanna
6. Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta
7. Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
8. Roinn Airgeadais
9. Roinn Gnóthaí Eachtracha
10. Roinn Sláinte Agus Leanaí
11. Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí
12. Roinn Coimirce Sóisialaí
13. Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt
14. Roinn Iompair
15. Roinn an Taoisigh

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Comhairle Chathair Luimnigh
Comhairle Chathair Phort Láirge
Comhairle Chathair na Gaillimhe

Ceist 4 Caithfidh na foghlaimeoirí mír a chumadh sula bhfeicfidh siad an mhír. Is ceacht cainte é seo. Cuir na míreanna a chruthaigh siad i gcomparáid leis an mír nuachta ansin.

Ceist 5

1. An fear **beag**
2. An bhean **mhór**
3. An fhuinneog **ghlan**
4. Na buachaillí **dána**
5. Na bróga **dubha**
6. Na cosáin **chasta**
7. Teach na **bhfear mór**
8. Carr na **ndaoine bochta**
9. Dinnéar na **gcailíní deasa**
10. Dath na **mbróg daor**

Ceist 6 Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Eimear Ní Chonaola

Ó dheas níl Comhairle Chathair Chorcaí in ann a rá go fóill cén fáth ar scoilt príomhphíobán uisce i dtuaisceart na cathrach go luath ar maidin. B'éigean do na seirbhísí éigeandála tríocha duine a aslonnú as a gcuid tithe agus cuireadh isteach ar sheirbhísí uisce sa chuid[1] sin den chathair ar feadh an lae.

Grett O'Connor

Ba ar a leathuair tar éis a dó ar maidin a phléasc píobán uisce a bhíonn ag iompar suas le ceathrú milliúin galún uisce gach uair a chloig. Bhí sé ina thuile láithreach cosúil le habhainn mhór ag sileadh le fána ar Chnoc Redmond agus ar sheanchéimeanna Ospidéal an Fhiabhrais. Rinneadh[2] a lán damáiste do[3] na tithe seo i Shandon Court. Tá an seomra leapa seo le béal na sráide, tháinig an t-uisce síos an staighre go han-tapaidh agus ba ghearr go raibh 1.9 meadar d'uisce istigh anseo. Bhí fórsa an uisce[4] chomh láidir sin gur bhrúigh sé amach an fhuinneog agus amach an doras. Tharla an rud díreach céanna anseo i 1996. Cad iad na ceisteanna atá ag na háitreabhaigh don Chomhairle Cathrach inniu?

Clíona O'Carroll - Cónaitheoir

Mo chomharsana anseo, bhí siad[5] ann an chéad uair agus bhí siad[6] buartha amach is amach nuair a tharla sé arís, agus níor mhaith liomsa é seo a fheiceáil arís. An ndéanfaidh siad an beart[7] anois?

Chris Dorgan-Comhairle Chathair Chorcaí

Bhuel tá clár infheistíochta againn cheana féin leis an Roinn Chomhshaoil leis an gcóras[8] gréasáin de phíopaí a athnuachan. Déanfar sin[9] ar bhonn leanúnach.

Tráthnóna bhí ionadaithe ó chomhlachtaí árachais i láthair ag déanamh measúnaithe[11] ar an dochar a rinneadh[10]

Grett O'Connor

Nuacht TG4

Corcaigh

---

[1] Sa gcuid a deirtear i gcanúint an léitheora
[2] Deineadh a deirtear go canúnach
[3] dos a deirtear
[4] na huisce a deirtear
[5] bhíodar a deirtear atá canúnach
[6] bhíodar a deirtear atá canúnach
[7] an bheart a deirtear
[8] Fágtar an t-urú ar lár
[9] san a deirtear i nGaeilge na Mumhan
[10] Deineadh a deirtear go canúnach
[11] Measúnú a deirtear